C/2024/878

6.2.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Scáth-thuairim ‘Achainí ar son Comhaontú Gorm don Eoraip’

(tuairim féintionscaimh)

(C/2024/878)

Rapóirtéirí: **Kinga JOÓ,**
Florian MARIN,
Paul RÜBIG
Comhrapóirtéir: **Péter OLAJOS**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	25.1.2023
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
An rannóg atá freagrach	An Coimisiún Comhairleach um Athruithe Tionsclaíocha
Dáta a glactha sa rannóg	26.9.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	26.10.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	582
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	176/0/1

Is éard atá sa tuairim seo toradh naoi dtuairim eile a d’eisigh rannóga éagsúla i gCoiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa (CESE) mar chuid de phacáiste an Chomhaontaithe Ghoirm ([1]). Is é is cúis le foilsiú an phacáiste sin nach bhfuil lucht na polaitíochta ag tabhairt a ndóthain airde ar an gcomhrac i gcoinne an ghanntanais uisce go fóill.

1. **Dúshláin uisce**

1.1. An strus maidir le huisce, i.e. an neamhréir idir an t-éileamh ar uisce agus an soláthar uisce, is údar mór imní é sin atá ag bailiú nirt san Eoraip. Tar éis gur thug Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe aitheantas sainráite in 2010 don cheart atá ag an duine ar uisce agus ar shláintíocht, tá fós tuairim agus 2,2 billiún duine ar fud an domhain a bhfuil easpa rochtana acu ar uisce óil a bhainistítear go sábháilte ([2]). De réir na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil (EEA), bíonn thart ar 20 % den Eoraip agus 30 % de mhuintir na hEorpa faoi strus maidir le huisce sa ghnáthbhliain. Is gá don Eoraip aistriú go pras i dtreo sochaí atá cliste ó thaobh bainistiú uisce de. Ceal gníomhaíochta, beidh fadhbanna ag codanna is mó fós den tsochaí ar fud an domhain maidir leis an mbochtaineacht a bhaineann le huisce, rud a ngabhfadh impleachtaí forleathana leis don chobhsaíocht eacnamaíoch, shóisialta agus pholaitiúil.

2. **Achainí ar son Comhaontú Gorm don Eoraip: cad chuige?**

2.1. Is ceart bunúsach í rochtain ar uisce agus ar shláintíocht ardcháilíochta inacmhainne. Ní féidir glacadh leis go bhfuil daoine fós san Aontas Eorpach agus gan rochtain acu ar uisce agus ar shláintíocht.

2.2. Rinne an tAontas creataí dlíthiúla a chur ar bun agus tionscnaimh a fhorbairt chun acmhainní uisce a chosaint. Mar sin féin, níor baineadh amach mórán de na cuspóirí i ngeall ar chistiú neamhleor, cur chun feidhme mall agus comhtháthú

([1]) REX/570 – Polaitíocht an uisce: ó ghaineamhlú go slándáil – tá ré na taidhleoireachta goirme linn (gan foilsiú fós san Iris Oifigiúil), IO C 349, 29.9.2023, lch. 74, IO C 349, 29.9.2023, lch. 60, IO C 146, 27.4.2023, lch. 35, IO C 146, 27.4.2023, lch. 41, IO C 349, 29.9.2023, lch. 80, IO C 349, 29.9.2023, lch. 50, IO C 349, 29.9.2023, lch. 87,IO C 349, 29.9.2023, lch. 18.

([2]) Na Náisiúin Aontaithe, *Water and Sanitation*, an Roinn Gnóthaí Eacnamaíocha agus Sóisialta (un.org).

neamhleor na gcuspóirí comhshaoil i mbeartais earnála. As measc na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), baineann dhá cheann acu le huisce. Níl ach dul chun cinn éigin déanta ag an Aontas ar SDG 14 – 'beathra faoi uisce' ([3]). Maidir le SDG 6, 'uisce glan agus sláintíocht', is diúltach iad treochtaí cháilíocht an uisce san Aontas agus tá tiúchan roinnt truailleán san uisce dromchla agus sa screamhuisce ag dul i méid.

2.3. Le linn Chomhdháil Uisce 2023 na Náisiún Aontaithe, impíodh go dtabharfaí gealltanais chinniúnacha chun beocht a chur sa Chlár Oibre Gníomhaíochta Uisce ([4]). Thairis sin, d'aithin an Chomhairle Eorpach 'an gá atá le gníomhaíocht fheabhsaithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda maidir le huisce agus [chuir sí] i dtreis a thábhachtaí atá sé go mbeadh cur chuige straitéiseach ag an Aontas i leith na slándála uisce' ([5]). Tá iarrtha ag Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún Eorpach treoirlínte a fhorbairt go tapa ar abhantracha comhroinnte trasnáisiúnta a bhainistiú agus cothromaíocht a áirithiú agus tús áite á tabhairt d'úsáidí éagsúla an uisce ([6]).

2.4. Tá ilroinnt fós sna huirlisí atá ann chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin uisce agus níl cuspóirí a bhaineann le huisce comhtháite go maith ar fud gach beartais AE. I bhfianaise na ndúshlán atá ann, i mí Mheán Fómhair 2022, roghnaigh CESE an t-uisce mar thosaíocht thrasnach an Choiste do 2023. Creideann CESE gur ann dáiríre do ghéarchéim uisce ach nach bhfuil sé ródhéanach gníomh a dhéanamh. Is gá géarú ar na maidí; níl creat beartais reatha an Aontais oiriúnach don fheidhm agus ní mór é a thabhairt cothrom le dáta leis an diongbháilteacht chéanna lena bhfuil an tAontas i ngleic leis an ngéarchéim aeráide tríd an gComhaontú Glas. Tá CESE ag iarraidh go dtabharfaí ceannaireacht shoiléir ar na leibhéil AE, náisiúnta agus réigiúnacha atá freagrach as an uisce. Ina theannta sin, tá sé ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach an t-uisce a áireamh ar cheann dá chuid tosaíochtaí agus Comhaontú Gorm don Aontas a mholadh mar thosaíocht straitéiseach ar leithligh, ar aon leibhéal leis an gComhaontú Glas don Eoraip.

2.5. Ní mór an Comhaontú Gorm don Eoraip a bheith go hiomlán comhlántach agus sineirgisteach leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis na SDGanna.

2.6. Ní bheifear in ann aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí na géarchéime uisce atá ann faoi láthair agus atá le teacht, ná na hiarmhairtí sin a mhaolú, ach amháin má dhéantar na hacmhainní uisce a rialáil mar is ceart. Ó thaobh an fhionnuisce de, lena n-áirítear an screamhuisce, molann CESE go nglacfaí cur chuige ar leibhéal na habhantraí agus go nglacfadh gach páirtí leasmhar páirt sa chur chuige sin. Ba cheart na tionscnaimh um chomhar atá ann cheana ó thaobh na n-abhantrach de a dhoimhniú, a fhorbairt agus a mhaoiniú tuilleadh.

2.7. Ba cheart an tsamhail rialachais uisce a bhunú ar fhreagrachtaí ordlathacha lenar féidir leasanna éagsúla na mBallstát ó thaobh uisce de a láimhseáil, i gcomhréir go hiomlán le cuspóirí an Aontais, chun coinbhleachtaí uisce a réiteach, an chomhlántacht idir cásanna uirbeacha agus cásanna tuaithe a áirithiú agus cumais faireacháin a mhéadú.

2.8. Ba cheart ardán a chur ar bun do gheallsealbhóirí an Aontais, faoi bhainistíocht chomhpháirteach CESE, an Choimisiúin Eorpaigh, Pharlaimint na hEorpa agus Choiste Eorpach na Réigiún, chun dea-chleachtais a chomhroinnt, caighdeáin shonracha a fhorbairt maidir le cáilíocht agus úsáid an uisce sa talmhaíocht agus sa tionsclaíocht agus cur chun cinn a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí agus ar an ngeilleagar ciorclach.

2.9. Dá mbunófaí Lárionad Eorpach Uisce lena ngabhfadh gné idirnáisiúnta, d'fhéadfaí cúnamh a thabhairt do na Ballstáit agus do náisiúin eile araon, laistigh agus lasmuigh de chomharsanacht na hEorpa. Ba cheart scoth an chomhoibrithe a léiriú sa Lárionad seo agus moltaí beartais a chur ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar chuspóirí beartais an Chomhaontaithe Ghoirm. Tá CESE ag iarraidh go gceapfaí leasuachtarán tiomnaithe sa Choimisiún chun cúrsaí uisce a stiúradh.

2.10. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh sonraí trédhearcacha, idir-inoibritheacha agus iontaofa ann a d'fhéadfaí a rochtain go héasca, lena n-áirítear ag an bpobal, sonraí a bhaileofaí ar leibhéal na cuideachta suas go leibhéal an tslabhra táirgeachta, i gcomhréir le cearta maoine tionsclaíche. Ionas go bhféadfaí méid an Chomhaontaithe Ghoirm a shuíomh, ní mór a bheith ar an eolas faoi staid an bhonneagair uisce agus faoi na seirbhísí uisce agus sláintíochta atá ar fáil i ngach Ballstát. Tá CESE ag moladh go spreagfadh an Coimisiún na Ballstáit chun córas bailithe sonraí den sórt sin a chur ar bun agus sonraí a chomhroinnt maidir le habhantracha ar leibhéal na gcríoch.

([3]) *Sustainable development in the European Union – Monitoring report on progress towards the SDGs in an EU context* – eagrán 2023.
([4]) *'Bring the Water Action Agenda to Life', Secretary-General Urges Conference, Calling for Game-Changing Commitments on World's Most Important Resource*, preaseisiúint de chuid na Náisiún Aontaithe.
([5]) Cruinniú den Chomhairle Eorpach (23 Márta 2023) – Conclúidí.
([6]) *Iarmhairtí triomach, dóiteán agus feiniméan eile adhaimsire: iarrachtaí an Aontais a mhéadú chun an t-athrú aeráide a chomhrac*, Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Meán Fómhair 2022 (níl leagan Gaeilge ann).

2.11. Ba cheart d'Eurostat agus don Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), le cúnamh ó oifigí staidrimh náisiúnta, sonraí comhiomlánaithe a bhailiú maidir le huisce óil agus fuíolluisce ó chuideachtaí fóntais phoiblí ar bhonn bliantúil chomh maith. Ós rud é go mbailíonn oifigí staidrimh na mBallstát tuilleadh sonraí a bhaineann le huisce, molann CESE modheolaíocht choiteann níos fairsinge a chur ar bun chun gur féidir sonraí níos ábhartha a bhailiú ar leibhéal an Aontais. Agus sonraí á mbailiú faoi fheidhmíocht uisce, molann CESE go gclúdófaí sa bhailiú sin gach soláthraí uisce a chuireann uisce ar fáil i limistéar 10 000 m^3, ar a laghad, in aghaidh an lae nó a fhreastalaíonn ar 5 000 duine.

3. **Rochtain ar uisce agus sláintíocht ghlan agus inacmhainne**

3.1. Is ann don bhochtaineacht uisce san Aontas Eorpach, ainneoin go bhfuil seasamh measartha maith ag an Aontas i gcomparáid le háiteanna eile ar domhan. Cé gurb iad grúpaí sóisialta leochaileacha is mó a bhíonn thíos leis an mbochtaineacht uisce, tá céatadán i bhfad níos mó de dhaonra an Aontais atá faoi strus maidir le huisce.

3.2. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht uisce agus, ar an gcaoi sin, é féin a ailíniú le prionsabal 20 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ba cheart seirbhísí uisce, sláintíochta agus sláinteachais a bheith inbhuanaithe, cothrom, éifeachtach, ar ardcháilíocht agus inacmhainne do gach duine san Aontas. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ghrúpaí sóisialta leochaileacha agus ar phobail imeallaithe. Agus bonneagar á fhorbairt, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar úinéirí maoine atá ar bheagán acmhainní agus ar chomharsanachtaí uirbeacha agus tuaithe atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus a bhfuil riachtanais athchóirithe bonneagair agus foinsithe acu le fada. Tá CESE ag moladh go bhforbrófaí cur chuige coiteann chun go dtuigfí an bhochtaineacht uisce ar leibhéal an Aontais agus chun go bhforbrófaí sainmhíniú cuimsitheach ar an mbochtaineacht uisce.

3.3. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún forléargas a chur le chéile ar na bearta atá i bhfeidhm i ngach Ballstát maidir leis an rochtain ar uisce agus ar shláintíocht agus maidir lena inacmhainne atá siad, go háirithe i measc tomhaltóirí leochaileacha. Ansin, bunaithe ar an bhforléargas sin, ba cheart treoirlínte coiteanna a fhorbairt do na Ballstáit chun a chinntiú nach ngearrfaí soláthar uisce aon teaghlach atá leochaileach.

3.4. Ba cheart gníomhaíochtaí a bhunú ar mheascán d'ionstraimí beartais shóisialta, bearta beartais tithíochta agus tionscnaimh shonracha maidir le seirbhísí uisce, sláintíochta agus sláinteachais. Ba cheart prionsabal na dlúthpháirtíochta a chur san áireamh agus na bearta sin á maoiniú. Ba cheart féachaint ar chineálacha nuálacha cistiúcháin chomh maith le cistiú poiblí, e.g. cistí tiomnaithe trédhearcacha a chur ar bun lena n-ionchorprú i mbillí uisce. Molann CESE rialáil shoiléir a dhéanamh ar an soláthar uisce agus ar an tsláintíocht le go mbeidís ar ardcháilíocht agus inacmhainne. Molann sé freisin go ráthófaí oibleagáidí seirbhíse mar chuid de sin chun nach bhfágfaí aon duine ar lár.

3.5. Ós earra poiblí é an t-uisce, tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí prionsabal na rochtana uilíche a chur chun feidhme i dtaobh seirbhísí uisce, sláintíochta agus sláinteachais don uile chónaitheoir san Aontas, agus ar phraghas inacmhainne. Tá sé á chur i bhfáth ag CESE go bhfuil comhdhearcadh ginearálta ann gur féidir leis na húdaráis phoiblí rochtain uilíoch a ráthú ar chórais uisce agus séarachais ar phraghas inacmhainne agus ar cháilíocht leormhaith chomh maith. Tá CESE ag iarraidh freisin go gcuirfí uisce óil ar fáil saor in aisce do shaoránaigh uile an Aontais trí thobair agus foinsí uisce inrochtana a bhunú in áiteanna poiblí i gcomhréir le Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]).

4. **Bonneagar uisce inbhuanaithe agus athléimneach**

4.1. Tá gá le straitéis fhadtéarmach chun an athléimneacht in aghaidh an ghanntanais uisce a mhéadú, straitéis ina gcuirfí san áireamh sainiúlachtaí aeráide agus saintréithe tionsclaíocha. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh reachtaíocht chomhsheasmhach ar fud na mBallstát uile d'fhonn sásra AE a bhunú le huisce a stóráil le linn tréimhsí fliucha. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí umair stórála agus córais athluchtaithe uiscígh faoi thalamh a thógáil, sin nó trí laghdú a chur ar an méid de dhromchla na talún atá séalaithe d'fhonn acmhainn stórála a fheabhsú agus, thar ní ar bith eile, trí chur leis an bhforaoisiú agus infheistíocht a dhéanamh i réitigh dhúlrabhunaithe amhail 'cathracha spúinse'.

4.2. Ba cheart do gach Ballstát taifead a choinneáil ar an uisce dromchla agus ar an screamhuisce a astarraingíodh, agus ar an uisce dromchla a stóráiltear chomh maith. Is díol sásaimh do CESE gur chinn an Coimisiún, in athmhúnlú na Treorach maidir le hUisce Óil ([8]), an sceitheadh uisce as na píobáin a laghdú oiread is féidir. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí

([7]) Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine (OJ L 435, 23.12.2020, p. 1).

([8]) IO L 435, 23.12.2020, lch. 1. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32020L2184

meastóireacht chríochnúil ar na córais séarachais faoi thalamh i ngach Ballstát láithreach bonn agus go mapálfaí na hacmhainní agus infheistíochtaí uisce iontu go léir chun go bhféadfaí eolas suas chun dáta a fháil ar staid an bhonneagair uisce atá ann cheana agus riachtanais infheistíochta phráinneacha a shainaithint. Ba cheart spriocanna éigeantacha a leagan síos ar leibhéal na mBallstát féachaint leis an sceitheadh uisce a laghdú de réir a chéile d'fhonn an tInnéacs Sceite Bonneagair a fheabhsú.

4.3. Ba cheart laghdú suntasach a chur ar an méid uisce a chailltear mar gheall ar sceitheadh sna líonraí agus fuíolluisce sa talmhaíocht, sa tionsclaíocht agus sa turasóireacht. Tá sé á chur i bhfáth ag CESE gur gá dul i ngleic leis an uisce neamhioncaim trí thús áite a thabhairt do thionscnaimh chothabhála leanúnacha chun an sceitheadh uisce a laghdú go suntasach agus feabhas a chur ar an taighde ar ardteicneolaíochtaí braite sceite.

4.4. Na hastaíochtaí a sceitear isteach san uisce mar gheall ar an tionsclaíocht, mar aon leis an drochthionchar a bhíonn ag na hastaíochtaí sin ar shláinte an duine agus na costais a bhaineann leo don tsochaí, ba cheart iad sin a chur san áireamh agus iarracht ar bun chun tionscail aeráidneodracha a bhaint amach. Ina fhianaise sin, tá CESE ag iarraidh go bhforbrófaí caighdeáin shonracha maidir le cáilíocht agus úsáid an uisce in earnálacha éagsúla eacnamaíocha. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí ardán comhairleach a chruthú do gheallsealbhóirí an Aontais. Ba cheart do lucht bainistithe an uisce, idir phríobháideach agus phoiblí, rochtain uilíoch a áirithiú don phobal ar uisce, trí thús áite a thabhairt do riachtanais an duine agus rochtain iomaíoch ar uisce a chosaint san earnáil phoiblí, sa talmhaíocht agus sa tionsclaíocht. Tá sé á chur i bhfáth ag CESE nár cheart brú a chur ar acmhainní uisce san aistriú glas. Tá réitigh shaincheaptha á n-iarraidh aige chuige sin.

4.5. Molann CESE faireachán cúramach agus rialáil níos fearr a dhéanamh ar chearta astarraingthe uisce, ceadanna, ceadúnais, cearta conarthacha agus úinéireacht gan roinnt le nach bhféadfar leas a bhaint astu chun críoch tráchtála, agus rialacha sriantacha a leagan síos chun acmhainní uisce an Aontais a chosaint ar gheallsealbhóirí neamh-AE ar mhaith leo iad a chur chun a leasa féin. Ba cheart rialáil a dhéanamh ar cheadúnais agus ar cheadanna den sórt sin a dheonaítear chun críoch tráchtála mar chuid de chreat rialála sonrach atá trédhearcach agus inbhuanaithe agus ina gcaitear leis an uisce mar earra coiteann. I gcásanna áirithe, amhail tréimhsí géarchéime nó triomaigh, bheadh sé chun leasa an tsláinte phoiblí agus chun leasa dhea-bhail shaoránaigh an Aontais dá mbeadh an ceart ag na hinstitiúidí poiblí cearta úsáide uisce de chuid na hearnála príobháidí a thógáil uaithi ar phraghas cothrom: in aimsir géarchéime uisce, ní foláir tús áite a thabhairt do dhaoine agus dá mbunriachtanais dhaonna.

4.6. Mar chuid den aistriú gorm, caithfear deireadh a chur de réir a chéile le próisis atá neamhéifeachtúil ó thaobh uisce de agus réitigh nithiúla a aimsiú d'oibrithe agus do chríocha i gcomhar leis na geallsealbhóirí. Tá sé á chur in iúl ag CESE go bhfuil gá le gníomhaíocht shonrach ar gach leibhéal ar mhaithe lena áirithiú go mbeidh lucht saothair oilte agus oibrithe speisialaithe ann agus iomaíochas ghnólachtaí na hEorpa a chosaint. Tá an Coiste ag iarraidh go mbunófaí treoirphlean trasearnála don uisce agus le haghaidh infheistíochtaí sna dálaí oibre, i bpoist ardcháilíochta agus san oiliúint, go háirithe don ghlúin óg. Beidh saineolas maidir le próisis coigilte uisce ina phríomhinniúlacht agus ina eochairtháscaire feidhmíochta don tionscal amach anseo. Is gá suirbhé córasach a dhéanamh ar riachtanais na n-oibrithe in earnáil an uisce, lena n-áirítear na cáilíochtaí riachtanacha, forbairt an lucht saothair agus bainistiú sláinte agus sábháilteachta ceirde. Tá CESE ag tathant ar an gCoimisiún tús a chur leis an bpróiseas reachtach chun pobal nua eolais agus nuálaíochta a chruthú don uisce laistigh den Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) agus dlús a chur leis an gcur chuige 'cúig mhisean'.

5. **Úsáid & tomhaltas inbhuanaithe uisce agus deiseanna nua a chothú**

5.1. Ba cheart do gach úsáideoir uisce san Aontas, lena n-áirítear sa talmhaíocht, sa tionsclaíocht, sa bhaile agus sa riarachán poiblí, cleachtais inbhuanaithe a ghlacadh chun an méid uisce a úsáideann siad a laghdú, agus ba cheart iad a spreagadh le leas a bhaint as gléasanna chun cuidiú leo an t-uisce a úsáid ar bhealach níos inbhuanaithe. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh earnáil na talmhaíochta agus earnáil na tionsclaíochta freagrach as na himpleachtaí don tsochaí a bhaineann lena n-úsáid uisce agus leis na hastaíochtaí a sceitheann siad isteach san uisce. D'fhágfadh sé sin go bhforbróidís cleachtais ní b'inbhuanaithe ó thaobh an uisce de. Ba cheart an dí-éilliú a áireamh mar thosaíocht leanúnach chomh maith.

5.2. Tá deis ag an Eoraip na dúshláin a bhaineann leis an uisce a athrú ionas gur ionchais nua a bheidh iontu chun an teicneolaíocht a fhorbairt, an tsochaí a chur chun cinn, scileanna nua a fhorbairt agus gnólachtaí a fhás, agus is é a bheidh mar sprioc dheiridh geilleagar athléimneach ina bhfuil an t-uisce slán, agus deiseanna fostaíochta iomlána agus táirgiúla agus poist ar ardchaighdeán a bhaint amach do chách. Ní mór an tAontas, dá bhrí sin, a bheith ina cheann feadhna ar fud an domhain maidir le teicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce a fhorbairt, a mhonarú agus a úsáid, agus cáil dhomhanda a bhaint amach mar limistéar táirgthe a bhfuil lorg íseal uisce aige. Chuige sin, beidh sé ríthábhachtach infheistíocht struchtúrtha a dhéanamh sa taighde, san fhorbairt, sa mhaoirseacht agus sna scileanna a theastaíonn i dtionscal an uisce.

5.3. Tá glacadh rathúil teicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce sa tionsclaíocht agus ar fud réimsí eile ríthábhachtach chun go n-éireoidh le beartas uisce inbhuanaithe de chuid an Aontais. Na teicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce, is earnáil thionsclaíoch ar leith atá iontu, earnáil atá ina cuid de na teicneolaíochtaí glana agus, mar sin, ba cheart na teicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce a bheith tíosach ar fhuinneamh freisin. Ós éiceachóras tionsclaíoch inti féin í an teicneolaíocht ghlan, molann CESE conair aistrithe a chruthú don éiceachóras sin laistigh den chéad dá bhliain eile, conair lena leagfaí síos spriocanna réadúla, dá uaillmhianaí iad, mar aon le plean le haghaidh maoirseachta agus scileanna.

5.4. Tá CESE ag iarraidh idirdhealú soiléir a dhéanamh idir cineál an uisce a úsáidtear (screamhuisce, uisce dromchla, uisce athúsáidte, etc.) agus an tionchar atá ag an uisce sin ar an mbithéagsúlacht agus ar an gcomhshaol. Tá sé ag iarraidh go mbeadh dreasachtaí ann do gach cineál úsáideora chun an t-uisce a athúsáid agus go n-aistreofaí i dtreo geilleagar ciorclach uisce. Ba cheart é a bheith ina ghnáthnós an t-uisce óil a ionadú le foinsí neamhghnácha uisce nuair is féidir (e.g. gairdíní a uisciú nó carranna a ní le huisce báistí a bhailítear).

5.5. De réir Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) maidir le cuntais Eorpacha eacnamaíocha chomhshaoil, tá an rogha ann cuntas uisce a bhunú nó gan cuntas uisce a bhunú. Gan é a bheith éigeantach clár uisce a bheith ag duine, ní féidir forléargas a fháil ar úsáid an uisce ar fud gheilleagar agus earnálacha uile an Aontais. Ina fhianaise sin, molann CESE don Choimisiún cláir uisce a thabhairt isteach ar bhonn éigeantach.

5.6. Ba cheart oibleagáidí a fhorchur i ngach scéim faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) ar fheirmeoirí maidir le húsáid inbhuanaithe uisce agus bainistiú inbhuanaithe agus éifeachtúil uisce a chur chun cinn, trí tháscairí a chur san áireamh i ngach Ballstát maidir le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn sa bhainistiú uisce. Ba cheart cur le forbairt struchtúr nua uiscithe trí bhíthin CBT agus cistí eile de chuid an Aontais chun nach dtacófaí le cásanna nach bhfuil ag teacht le cuspóirí na Treorach Réime maidir le hUisce.

5.7. Ní féidir sásraí nua-aimseartha idirghabhála agus cinnteoireachta a chur in úsáid mura ndéantar sreafaí uisce agus úsáidí uisce a mheas agus sonraí fúthu a bhailiú ar bhonn leanúnach, le braiteoirí uathoibríocha. Níl corp an chórais sin curtha i gcrích san Aontas go fóill. Molann CESE úsáid a bhaint as Idirlíon na Rudaí Nithiúla, an intleacht shaorga ghiniúnach, an mheaisínfhoghlaim agus líonraí bonneagair chliste chun sochaí atá cliste ó thaobh bainistiú uisce de a chomhdhlúthú. Molann CESE do na Ballstáit tuilleadh iarrachta a dhéanamh chun córais den sórt sin a chur ar bun agus sonraí a chomhroinnt maidir le habhantracha. Tá sé tábhachtach sásra luathrabhaidh a fhorbairt bunaithe ar theicneolaíocht chliste i dtaca le húsáid an uisce, agus aird ar leith á tabhairt ar an gcibearshlándáil.

5.8. Mar chuid den Chomhaontú Gorm, ní mór don Aontas beartas cuimsitheach a fhorbairt maidir le bainistiú inbhuanaithe uisce d'earnáil na tionsclaíochta, beartas a bheidh bunaithe ar úsáid an uisce a laghdú, ar an uisce a athúsáid agus a athchúrsáil, agus ar an truailliú uisce a laghdú. Beidh an beartas sin dírithe ar thionscail atá dian ar uisce agus ar theicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce a thabhairt isteach agus a chur in úsáid de réir a chéile. Ar an ábhar go bhfuil nasc idir fuinneamh, uisce agus amhábhair chriticiúla, ní mór an t-uisce a áireamh mar bhunghné de straitéis thionsclaíoch an Aontais. Tá gá le straitéis fhadtéarmach chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas uisce agus chun an rochtain atá ag tionscail ar uisce a éascú. Chuige sin, ní mór athbhreithniú a dhéanamh as seo go ceann dhá bhliain ar an Straitéis Eorpach maidir le tionsclaíocht, sin agus ar dhoiciméid atá ag an Aontas maidir leis an gconair chun aistrithe. Ba cheart gnéithe a bhaineann le héifeachtúlacht uisce agus na dúshláin uisce atá sonrach do na hearnálacha ar leith a ionchorprú sa chur chuige earnála sin.

5.9. Tá CESE ag iarraidh go seolfaí feachtais agus gníomhaíochtaí sonracha chun tuiscint ar luach an uisce i measc chónaitheoirí uile an Aontais, go mór mór an ghlúin óg, a chur chun cinn. Ba cheart machnamh a dhéanamh faoi lipéad tomhaltais uisce a thabhairt isteach, ar aon dul le lipéad fuinnimh an Aontais Eorpaigh atá ann cheana. Tá ról ríthábhachtach ag sochaí shibhialta eagraithe an Aontais maidir le feasacht a mhúscailt i measc catagóirí éagsúla tomhaltóirí faoina thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar a gcleachtais uisce ó thaobh éifeachtachta agus éifeachtúlachta de agus, freisin, maidir leis na bearta éigeandála gearrthéarmacha a chuirtear i bhfeidhm chun freagairt do na géarchéimeanna a bhíonn ann mar thoradh ar an athrú aeráide. Tá sé tábhachtach a áirithiú gur féidir le cónaitheoirí an Aontais ról a bheith acu sna cinntí daonlathacha sna cásanna sin.

6. **An Comhaontú Gorm don Eoraip a mhaoiniú**

6.1. Tá CESE ag iarraidh go mbunófaí bratchiste nua ('Ciste um Aistriú Gorm') chun bheith ina fhoinse aonair le haghaidh infheistíochtaí san uisce san Aontas. Úsáidfear an ciste sin le haghaidh an aistrithe ghoirm go bonneagar agus bainistiú inbhuanaithe uisce agus le haghaidh glacadh teicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce, lena n-áirítear na poist agus na scileanna a theastóidh chucu sin. Laghdófar faoin gciste, freisin, na neamhionannais atá ann maidir le rochtain ar uisce agus sláintíocht ardcháilíochta inacmhainne. Ina theannta sin, ba cheart cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghoirm don

([9]) Rialachán (AE) 691/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2011 maidir le cuntais Eorpacha eacnamaíocha chomhshaoil (IO L 192, 22.7.2011, lch. 1).

Eoraip a mhaoiniú faoin gciste sin. Ba cheart é a bheith réidh le cur chun feidhme laistigh de cheithre bliana ar a mhéad tar éis ghlacadh na tuairime seo agus cur chuige bunaithe ar na habhantracha a leanúint, agus leas á bhaint as na hacmhainní airgeadais atá ann cheana amhail Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIF), an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, InvestEU agus acmhainní airgeadais breise atá nua agus nuálach ([10]).

6.2. Tá CESE ag iarraidh go bhforbrófaí ionstraimí maoiniúcháin inbhuanaithe amhail bannaí glasa, bannaí sóisialta agus iasachtaí glasa, mar aon le sainmhínithe comhsheasmhacha ar an inbhuanaitheacht i ndlínsí éagsúla agus leibhéal níos airde caighdeánaithe. Molann sé freisin bannaí gorma a rialáil agus a thabhairt isteach le haghaidh infheistíochtaí uisce ar leibhéal an Aontais. Ba cheart iasachtaí traidisiúnta, creidmheasanna séasúracha, deontais, caipiteal fiontair, cothromas príobháideach agus poiblí, sluachistiú, agus cistí pinsin agus infheistíochta a bheith mar chuid d'infheistíochtaí uisce. Measann CESE go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfaí tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais, mar aon leis an athléimneacht, a ionchorprú sna critéir mheastóireachta maidir le hinfheistíochtaí san uisce, chomh maith le hinfheistíochtaí sa dúlra a chur chun cinn.

6.3. Ba cheart coinníollachtaí uisce maidir le húsáid inbhuanaithe uisce a bheith ina gcritéar i gcistí uile an Aontais a dháiltear ar na Ballstáit, lena n-áirítear cistí CBT. Ba cheart stop a chur de réir a chéile le táillí a ghearradh ar an uisce a úsáidtear le haghaidh uisciú ar bhonn an limistéir uiscithe. Seachas sin, ba cheart díriú ar aistriú chuig cleachtais uiscithe atá éifeachtúil ó thaobh uisce de agus chuig teicneolaíochtaí a dteastaíonn níos lú uisce uathu.

6.4. Iarrann CESE go mbunófaí córas cánacha agus formhuirear le haghaidh úsáid neamh-inbhuanaithe uisce, agus úsáid inbhuanaithe uisce á spreagadh ag an am céanna. Agus é á chur san áireamh gur earra poiblí é an t-uisce, molann CESE comhaontú idirnáisiúnta nua maidir leis an gcóras cánachais uisce a ghlacadh.

6.5. Teastaíonn cur chuige fadtéarmach i dtaca le hinfheistíochtaí an Aontais san uisce chun an seans atá ann go dtiocfaí faoi strus maidir le huisce a laghdú. Molann CESE caitheamh le hinfheistíochtaí san uisce mar infheistíochtaí speisialta faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus molann sé sainmhíniú soiléir a thabhairt isteach ar an 'riail óir' le haghaidh infheistíochtaí i mbonneagar uisce poiblí. Tá gá le cur chuige coiteann i measc na mBallstát chun trédhearcacht leordhóthanach a áirithiú maidir le húsáid na rialach óir, agus, ag an am céanna, an mhacra-chobhsaíocht, an táirgiúlacht, agus an dúshraith shóisialta agus éiceolaíoch d'fholláine na glúine atá ann faoi láthair agus na nglúnta atá le teacht a chosaint.

6.6. Ba cheart an t-uisce a aithint mar thosaíocht straitéiseach sa chlárthréimhse do 2028-2034. Tá gá le solúbthacht dhlíthiúil bhreise, go háirithe sa dlí soláthair, chun infheistíocht i mbonneagar uisce uirbeach agus tuaithe a éascú, mar aon le rialacha maidir le státchabhair a chur in oiriúint d'úsáid iltaobhach an uisce.

6.7. Measann CESE go bhfuil sé ríthábhachtach tús áite a thabhairt do thionscadail lena laghdaítear an tomhaltas uisce agus lena spreagtar athúsáid an uisce sna Ballstáit uile. Measann sé gur cheart acmhainní airgeadais a dháileadh ar na tionscadail sin freisin. Iarrann an Coiste go mbeadh cistí sonracha agus acmhainní nua ann a bheadh tiomnaithe don taighde agus don nuálaíocht i dteicneolaíochtaí uisce chun fothú acmhainneachta a éascú i réimse an bhonneagair uisce, agus go n-urramófaí an riail go n-infheisteofaí 3 % den olltáirgeacht intíre (OTI) sa taighde.

6.8. Ní tráchtearra é an t-uisce is féidir a thrádáil, agus ba cheart rialacha oiriúnaithe nua maidir leis an margadh aonair atá tiomnaithe don uisce a fhorbairt. Ina theannta sin, ba cheart praghsanna, costais agus cánacha a bheith cothrom agus sineirgí a chruthú eatarthu leis na dúshláin shochaíocha, aeráide agus thionsclaíocha atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Ba cheart iad a bheith trédhearcach ó thaobh a struchtúir de, á cur san áireamh slándáil fhadtéarmach an uisce. Ar deireadh, ba cheart an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as a ionchorprú iontu agus rochtain uilíoch agus inacmhainneacht do ghrúpaí leochaileacha a choimirciú.

6.9. Iarrann an Coiste go mbeadh cur chuige comhchoiteann ann ar leibhéal an Aontais maidir le dearadh cothrom praghsanna uisce, agus na hidirnaisc idir róil éagsúla an uisce agus spleáchais fhrithpháirteacha na ngeallsealbhóirí éagsúla á gcur san áireamh, agus a áirithiú go mbeidh na costais (móide na cánacha) agus praghas an uisce go hiomlán trédhearcach do na geallsealbhóirí uile. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh modheolaíocht ag an Aontas chun córais praghsála uisce a chuíchóiriú agus a chaighdeánú agus go bhféadfaí praghsanna riartha a chur i bhfeidhm i gcásanna áirithe dea-shainithe.

6.10. Ba cheart ar a laghad trí bhloc a ionchorprú i struchtúr na dtaraifí: (1) bloc chearta an duine, ar cheart dó a bheith saor in aisce agus curtha in oiriúint don mhéid a mheastar atá riachtanach chun maireachtáil; (2) bloc tomhaltais, a bhféadfadh taraif aisghabhála costas gabháil leis; agus (3) bloc tomhaltais níos airde, ar cheart praghsanna i bhfad ní b'airde a bheith i gceist leis agus lena nginfí tras-fhóirdheontais as úsáidí fánacha. Ba cheart praghsanna uisce le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bheith bunaithe ar tharaif aisghabhála costas.

6.11. Tá sé ríthábhachtach ailíniú a áirithiú idir beartas uisce an Aontais agus na beartais eile dá chuid, mar aon le rialáil stóinsithe ar an earnáil phoiblí agus ar an earnáil phríobháideach chun rochtain chothrom ar an uisce a áirithiú do chách, agus léirscaoileadh agus monaplacht an mhargaidh uisce á seachaint ag an am céanna.

([10]) Measann an Coimisiún gurb é costas iomlán athmhúnlú na Treorach maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh a bheidh ann rud os cionn EUR 3,8 billiún sa bhreis in aghaidh na bliana.

6.12. Iarrann CESE go ndéanfaí idirdhealú soiléir idir táscairí a úsáidtear chun beartais a shainiú agus a mheas, táscairí a úsáidtear chun cumarsáid a dhéanamh le geallsealbhóirí agus tomhaltóirí, agus táscairí infheistíochta. Ba cheart don Choimisiún Eorpach, don Bhanc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus don Bhanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF) comhthacar táscairí agus eochairtháscairí feidhmíochta a úsáid, agus ba cheart caibidil a chur le Tuarascáil an Aontais maidir leis an bhFadbhreathnaitheacht Straitéiseach agus leis an Seimeastar Eorpach gan mhoill. Tá CESE den tuairim gur cheart faireachán cúramach a dhéanamh ar tháscairí atá in úsáid faoi láthair, amhail an t-innéacs saothraithe uisce+, agus gur cheart don Aontas teorainneacha nithiúla ní b'ísle a leagan síos ar leibhéal na tíre agus na habhantraí.

7. **An Taidhleoireacht Ghorm**

7.1. Tá an t-uisce riachtanach don saol, is ionstraim síochána é, ancaire sibhialtachta, foinse rachmais, agus cuid d'oidhreacht an duine: tá sé riachtanach don gheilleagar, ach is earra coiteann é san am céanna agus, leis sin, ní mór meas a bheith air agus é a chosaint mar chuid d'iarrachtaí na glúine seo aire a thabhairt do na glúnta atá le teacht. Toisc an t-uisce a bheith ag éirí níos gainne, is minic a bhreathnaítear air sa lá atá inniu ann mar shócmhainn straitéiseach slándála: ó am go chéile, úsáidtear an t-uisce mar arm, agus is féidir leis a bheith ina sprioc agus ina chúis i gcoinbhleachtaí sibhialta agus míleata. Ní mór beart diongbháilte i réimse na taidhleoireachta goirme a phríomhshruthú i mbeartas eachtrach agus i gcaidreamh seachtrach an Aontais, lena n-áirítear beartais chomharsanachta, trádála agus forbartha. Tá CESE ag tathant ar an Aontas a léiriú go bhfuil sé tiomanta do na SDGanna a bhaineann le huisce a chur chun cinn trí thoscaire uisce tiomnaithe a cheapadh, i gcomhréir le torthaí chomhdháil uisce na Náisiún Aontaithe.

7.2. Ba cheart don Aontas dlús a chur lena iarrachtaí sa taidhleoireacht ghorm dhinimiciúil pholaitiúil trí shineirgí a chruthú leis an taidhleoireacht sláinte agus trí na hiarrachtaí sin a phríomhshruthú ina bheartas eachtrach agus ina chaidreamh seachtrach trí bhíthin comhpháirtíochtaí domhanda uisce a bhunú. Ba cheart don Aontas tacú le rochtain éasca gan bhriseadh ar uisce inacmhainne, bainistiú inbhuanaithe uisce agus fuíolluisce a éascú, agus na bogaigh agus an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus a chosaint mar chuid riachtanach den taidhleoireacht ghorm. Ós cur chuige cuimsitheach atá ag teastáil, iarrann CESE go mbeadh prionsabail an Chomhaontaithe Ghoirm ina gcolún soiléir de bheartas seachtrach an Aontais, tríd an ngné sin a chur san áireamh go córasach ina theagmhálacha déthaobhacha agus iltaobhacha, lena n-áirítear agus comhaontuithe trádála á gcaibidliú.

7.3. De réir na réamhaisnéisí, d'fhéadfadh triomaigh difear a dhéanamh do bhreis is an trí cheathrú cuid de dhaonra an domhain faoi 2050. I dtuarascálacha éagsúla ó na Náisiúin Aontaithe, tugtar le fios go dtabharfar ar thart ar bhilliún duine dul ar imirce faoi 2050 de bharr fadhbanna agus coinbhleachtaí uisce agus aeráide. I dtíortha an Deiscirt go háirithe, bíonn an rochtain ar uisce srianta go mór. Is rud é a spreagfaidh easáitiú breise agus imirce i dtreo thíortha an Tuaiscirt. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh go rachfar i ngleic leis na bunchúiseanna (lena n-áirítear ganntanas uisce), de rogha ar ghníomhú i gcoinne na ndídeanaithe féin.

7.4. Uasghrádú chreat-chonradh na Náisiún Aontaithe um shaincheisteanna uisce, cur chun cinn an chomhair dhomhanda agus na tacaíochta don chomhar sin, ullmhú d'athruithe fadtéarmacha agus do thréimhsí éigeandála agus infhaighteacht seirbhísí uisce, sláintíochta agus sláinteachais atá inrochtana agus inacmhainne: ba cheart an méid seo ar fad a ionchorprú i gclár oibre domhanda an Aontais Eorpaigh.

An Bhruiséil, an 26 Deireadh Fómhair 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Oliver RÖPKE